

Vacsáin ar na bacáin

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi vacsaín atá á forbairt le cosc a chur le COVID-19. Féach ar an mír den chéad uair gan aon réamhobair agus ansin pléigh ábhar na míre leis an duine in aice leat.



Ceist 2

Cén Ghaeilge atá ar na focail agus frásaí seo? Bhí siad le cloisteáil sa mhír.

- the pharmaceutical companies
- if the two companies succeed
- dose
- preliminary results
- against the disease
- medical profession
- license
- ready/available
- about to

Féach ar an mír den dara huair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3

Anois, cum ceisteanna bunaithe ar an mír le cur ar an duine in aice leat. Mar shampla:

*Cé atá ag forbairt vacsaíne?
Cén cineál comhlachtaí iad?*

Cuir na ceisteanna ar a chéile.

Ceist 4

Tá seacht séimhiú in easnamh sa script thíos. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus líonaigí isteach anois iad. Féachaigí ar an mír arís ansin le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Siún Nic Gearailt

Tá sé fógartha ag na comhlachtaí cógaisíochta Pfizer agus BioNTech go bhfuil an vacsaín atá siad ag forbairt 90% éifeachtach chun COVID-19 a

chosc. Má éiríonn leis an dá comhlacht ceadúnas a fháil, tá súil acu 50 milliún dáileog den vacsaín seo a chur ar fáil roimh deireadh na bliana.

Sinéad Ní Neachtain

Deir an comhlacht cógaisíochta Pfizer go bhfuil vacsaín atá siad ag forbairt 90% éifeachtach chun COVID-19 a cosc. Deir Pfizer, atá ag forbairt na vacsaíne i gcomhar leis an gcomhlacht as an nGearmáin, BioNTech, go léiríonn torthaí ó céim 3 de tástálacha, go bhfuil vacsaín acu atá in ann cosc a chur le COVID-19. Léiríonn réamhtorthaí go raibh lán-chosaint ag othair in aghaidh na haicíde, 7 lá tar éis dóibh an dara dáileog den vacsaín a thógáil, agus 28 lá tar éis na céad dáileoige. Dea-scéal a deir lucht leighis má tá an méid atá fógartha le tarlú.

Ceist 5

An tuiseal ginideach

Bhí go leor samplaí den tuiseal ginideach uatha sa mhír. Bain amach na lúibíní sna samplaí anois agus cuir an leagan ceart den ainmfhocal agus den alt sna bearnaí.

roimh dheireadh (an bhliain)	_____
ag forbairt (an vacsaín)	_____
in aghaidh (an aicíd)	_____
tar éis (an chéad dáileog)	_____
i gcoinne (an fliú)	_____

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cé dó ba chóir an vacsaín a thabhairt ar dtús?
2. Cén fáth a bhfuil daoine áirithe i gcoinne vacsaíní go ginearálta, dar leat?
3. An mbeidh an vacsaín saor do chách sa tír?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Pléigh ábhar na míre leis an rang iomlán tar éis féachaint amháin.

Ceist 2

the pharmaceutical companies – *na comhlachtaí cógaisíochta*
if the two companies succeed – *má éiríonn leis an dá chomhlacht*
dose – *dáileog*
preliminary results – *réamhthorthaí*
against the disease – *in aghaidh na haicíde*
medical profession – *lucht leighis*
license – *ceadúnas*
ready/available – *faoi réir*
about to – *ar tí*

Ceist 3

Samplaí:

Cé atá ag forbairt vacsaíne?

Cén cineál comhlachtaí iad?

Cé chomh héifeachtach is a bheidh an vacsaín?

Cé mhéad dáileog a bheidh ar fáil roimh dheireadh na bliana?

Cén chéim ag a bhfuil an dá chomhlacht ó thaobh tástálacha de?

Cé mhéad dáileog a bheidh le tógáil?

Cad a bhí le rá ag an Dochtúir Niall Ó Cléirigh faoin scéal?

Cé mhéad dáileog atáthar ag súil a bheidh ann ag deireadh na bliana seo chugainn?

Cén Conradh a shíneoidh an tAontas Eorpach?

Ceist 4

Siún Nic Gearailt

Tá sé fógartha ag na comhlachtaí cógaisíochta Pfizer agus BioNTech go bhfuil an vacsaín atá siad ag forbairt 90% éifeachtach chun COVID-19 a chosc. Má éiríonn leis an dá chomhlacht ceadúnas a fháil, tá súil acu 50 milliún dáileog den vacsaín seo a chur ar fáil roimh dheireadh na bliana.

Sinéad Ní Neachtain

Deir an comhlacht cógaisíochta Pfizer go bhfuil vacsaín atá siad ag forbairt 90% éifeachtach chun COVID-19 a chosc. Deir Pfizer, atá ag forbairt na vacsaíne i gcomhar leis an gcomhlacht as an nGearmáin, BioNTech, go léiríonn torthaí ó chéim 3 de thástálacha, go bhfuil vacsaín acu atá in ann cosc a chur le COVID-19. Léiríonn réamhthorthaí go raibh lán-chosaint ag othair in aghaidh na haicíde, 7 lá tar éis dóibh an dara dáileog den vacsaín a thógáil, agus 28 lá tar éis na chéad dáileoige. Dea-scéal a deir lucht leighis má tá an méid atá fógartha le tarlú.

Ceist 5

roimh dheireadh *na bliana*

ag forbairt *na vacsaíne*

in aghaidh *na haicíde*

tar éis *na chéad dáileoige*

i gcoinne *an fhliú*

Ceist 6

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt

Tá sé fógartha ag na comhlachtaí cógaisíochta Pfizer agus BioNTech go bhfuil an vacsaín atá siad ag forbairt 90% éifeachtach chun COVID-19 a chosc. Má éiríonn leis an dá chomhlacht ceadúnas a fháil, tá súil acu 50 milliún dáileog den vacsaín seo a chur ar fáil roimh¹ dheireadh na bliana.

Sinéad Ní Neachtain

Deir an comhlacht cógaisíochta Pfizer go bhfuil vacsaín atá siad ag forbairt 90% éifeachtach chun COVID-19 a chosc. Deir Pfizer, atá ag forbairt na vacsaíne i gcomhar leis an gcomhlacht as an nGearmáin, BioNTech, go léiríonn torthaí ó chéim 3 de thástálacha, go bhfuil vacsaín acu atá in ann cosc a chur le COVID-19. Léiríonn réamhthorthaí go raibh lán-chosaint ag othair in aghaidh na haicíde, 7 lá tar éis dóibh an dara dáileog den vacsaín a thógáil, agus 28 lá tar éis na chéad dáileoige. Dea-scéal a deir lucht leighis má tá an méid atá fógartha le tarlú.

An Dochtúir Niall Ó Cléirigh, Dochtúir Teaghlaigh

Cinnté más fíor an nuacht seo, go bhfuil an vacsaín seo 90% éifeachtach, is dea-scéala é seo amach is amach. Cuir seo i gcomparáid leis an ngnáthvacsaín i gcoinne an fhliú gach bliain, bheadh muid ag súil go mbeadh tuairim is 70% éifeachtacht ag baint leis. Mar sin, má tá vacsaín againn i gcoinne COVID atá 90% éifeachtach is dea-scéal amach is amach é seo dúinn inniu.

Sinéad Ní Neachtain

Má éiríonn leis an dá chomhlacht ceadúnas a fháil, rachaidh forbairt na vacsaíne ar aghaidh don chéad chéim eile. Táthar ag súil go mbeidh 50 milliún dáileog den vacsaín faoi réir idir seo agus Nollaig, a deir an comhlacht. Agus suas le 1.3 billiún an chéad bhliain eile. Tá sé tugtha le fios ag an Aontas Eorpach inniu go bhfuil siad ar tí conradh a shíneadh leis na milliúin dáileog den vacsaín a cheannach ó na comhlachtaí.

I ráiteas, deir an comhlacht gur lá mór é san eolaíocht agus don chine daonna.

Sinéad Ní Neachtain, Nuacht TG4

¹ roimis a dúradh